Blas

Cleachtaí foghraíochta do mhic léinn dara leibhéal

Comhráite agus cleachtaí

Clár

Intreoir

Aonad 1. Fuaimeanna i bhfócas: *c* caol agus leathan.

Aonad 2. Fuaimeanna i bhfócas: *ch, dh* agus *gh* leathan.

Aonad 3. Fuaimeanna i bhfócas: *ch, dh* agus *gh* caol.

Aonad 4. Fuaimeanna i bhfócas: an aibítir agus an córas fuaimeanna.

Aonad 5. Fuaimeanna i bhfócas: *d* & *t* caol agus leathan.

Aonad 6. Fuaimeanna i bhfócas: treise, siollaí agus aiceann.

Aonad 7. Fuaimeanna i bhfócas: na défhoghair *ia* agus *ua*, na gutaí *í* agus *ú*.

Aonad 8. Fuaimeanna i bhfócas: *l* caol agus leathan, *l* singil agus dúbailte, *ng*.

Aonad 9. Fuaimeanna i bhfócas: *r* caol agus leathan.

Aonad 10. Fuaimeanna i bhfócas: na canúintí Gaeilge.

Intreoir

Blas

Is cúrsa gairid é *Blas* a chabhróidh leat fuaimeanna na Gaeilge a rá mar is ceart. Tá neart cleachtaí ann a thabharfaidh deis duit fuaimeanna a chleachtadh. Tá nótaí ann a mhíníonn cuid de na focail a úsáidtear nuair a bhímid ag caint faoi fhuaimeanna na Gaeilge, nó faoi fhuaimeanna aon teanga eile. Tá súil againn go gcabhróidh sé leatsa snas agus blas a chur ar do chuid Gaeilge.

Mar a dhéantar fuaimeanna

Nuair a bhímid ag caint sa teanga a labhraímid de ghnáth, ní smaoinímid riamh ar na páirteanna den bhéal a bhíonn in úsáid againn. Ach tá a lán fuaimeanna sa Ghaeilge nach bhfuil sa Bhéarla in aon chor. Bíonn rud beag oibre le déanamh i gcás na bhfuaimeanna sin agus is cabhair dúinn eolas a bheith againn ar na páirteanna den bhéal a úsáidtear chun gach fuaim acu a dhéanamh. Tá na páirteanna is tábhachtaí le feiceáil sa phictiúr thíos.



1. Na liopaí
2. An teanga
3. Na fiacla uachtaracha
4. Na fiacla íochtaracha
5. An t-ailbheolas
6. An carball
7. An coguas

Tá a fhios againn go léir cén áit a bhfuil na liopaí, na fiacla agus an teanga, ach tá rudaí eile sa phictiúr thuas nach bhfuil a oiread céanna taithí againn orthu.

An t-ailbheolas

Cuir barr do theanga taobh thiar de na fiacla uachtaracha. Díreach os a chionn sin, ar an taobh istigh den bhéal, mothóidh tú droim (*ridge*) beag crua. ***An t-ailbheolas*** an t-ainm atá ar an droim sin. Seans nach raibh a fhios agat é a bheith ann, ach baintear úsáid as chun fuaimeanna áirithe a dhéanamh sa Ghaeilge.

An carball

Cuir barr do theanga níos faide suas anois, os cionn na bhfiacla uachtaracha agus os cionn an ailbheolais. Is crua atá an chuid seo d'uachtar an bhéil, nó ***an carball***. *The hard palate* a thugtar air i mBéarla, agus is maith an t-ainm é.

An coguas

Cuir do theanga siar i dtreo na scornaí. Is bog atá an chuid seo d'uachtar an bhéil, nó ***an coguas***. *The soft palate* a thugtar air i mBéarla.

Tá páirteanna eile den bhéal agus den scornach a úsáidtear chun fuaimeanna a dhéanamh. Beidh plé ar chuid acu sin sna haonaid sa chúrsa seo.

Cleachtadh 1

Éist leis an bpíosa á léamh ar an taifeadadh. Ná bí buartha mura dtuigeann tú ciall na bhfocal – is iad na fuaimeanna an rud is tábhachtaí. I ndiaidh duit éisteacht leis an bpíosa, roghnaigh na focail ón liosta thíos is fearr a dhéanann cur síos ar na fuaimeanna a chuala tú. An bhfuil aon fhocal eile ann a d'úsáidfeá féin le cur síos ar an bpíosa a chuala tú?

Níl aon fhreagra 'ceart' nó 'mícheart' ann – do thuairimí féin atá ag teastáil.

ceolmhar	*doiléir*	*mín*	*tapa*	*garbh*
cairdiúil	*deacair*	*álainn*	*aisteach*	*fuar*

Cleachtadh 2

Bíonn a bhealach féin ag gach duine chun teanga a fhoghlaim. Ní hionann an dearcadh a bhíonn ag daoine faoin bhfoghraíocht, má smaoiníonn siad uirthi in aon chor. Tabharfaidh an ceistneoir seo thíos deis duit smaoineamh ar an scéal.

- Léigh an ceistneoir ar dtús.
- Má tá focal ar bith ann nach dtuigeann tú, iarr ar an múinteoir é a mhíniú.
- Tá 6 ráiteas ann a bhaineann le cúrsaí foghraíochta. Caithfidh tusa cinneadh a dhéanamh cé acu atá an ráiteas fíor i do chás féin nó nach bhfuil.
- Líon an ceistneoir i d'aonar ar dtús.
- Nuair atá tú réidh leis an gceistneoir, pléigh do chuid freagraí le duine eile sa rang. An raibh sibh ar aon aigne? An féidir leis an duine eile cabhrú leat samplaí a fháil nó an raibh samplaí difriúla aigesean/aicise?
- Pléifidh an múinteoir na ceisteanna agus na samplaí leis an rang go léir.

Mise agus an fhoghraíocht

1. Cloisim difríochtaí idir fuaimeanna an Bhéarla agus fuaimeanna na Gaeilge.

Cloisim ◻ Ní chloisim ◻

Má tá an ráiteas seo fíor i do chás féin, tabhair 2 shampla:

a. _____

b. _____

2. Labhraím Gaeilge díreach mar a labhraím Béarla.

Labhraím ◻ Ní labhraím ◻

3. Tá fuaimeanna sa Ghaeilge nach féidir liom a rá.

Tá ◻ Níl ◻

Má tá an ráiteas seo fíor i do chás féin, tabhair 2 shampla:

a. _____

b. _____

4. Nuair a bhím sa Ghaeltacht, bíonn faitíos orm nach dtuigfidh muintir na háite mo chuid Gaeilge.

Bíonn ◻ Ní bhíonn ◻

5. Mothaím rud beag amaideach nuair a dhéanaim iarracht fuaimeanna áirithe a rá sa Ghaeilge.

Mothaím ◻ Ní mhothaím ◻

Má tá an ráiteas seo fíor i do chás féin, tabhair 2 shampla:

a. _____

b. _____

6. Tá fuaimeanna na Gaeilge níos fusa ná fuaimeanna na Fraincise, na Gearmáinise srl.

Tá ◻ Níl ◻

Má tá an ráiteas seo fíor i do chás féin, tabhair 2 shampla d'fhuaimeanna deacra ó theangacha eile:

a. _____

b. _____

Aonad 1

Comhrá

Castar Connor agus Sophie ar a chéile sa tsráid. Léigh an téacs ar dtús agus déan cinnte go dtuigeann tú na focail go léir. Éist leis an gcomhrá ar an taifeadadh ansin.

Ceamara caillte

Sophie: Cad é atá cearr leatsa? Tá cuma mhíshásta go leor ort.

Connor: Och, ná cuir ceist. An cuimhin leat an ceamara sin, an ceann a thug m'uncail Ciarán dom nuair a chuaigh mé go Ceanada?

Sophie: Is cuimhin...sílim. An ceann mór seanaimseartha a bhí aige féin?

Connor: An ceann ceannann céanna. Tá sé caillte agam, creid é nó ná creid.

Sophie: Ó, is tusa an clabhstar ceart. Cár fhág tú é?

Connor: Bhuel, dá mbeadh a fhios agam é sin ní bheadh sé caillte agam. Bhí sé agam Dé Céadaoin, go cinnte – is cuimhin liom go raibh Cathal ag caint liom faoi.

Sophie: Níl ciall ar bith agat, rud chomh costasach leis sin a iompar thart leat.

Fuaimeanna i bhfócas: *c* leathan

Is le litir *c* a thosaíonn cuid mhór de na focail i gcomhrá Sophie agus Connor, ach ní hionann fuaim na bhfocal i ngach cás. Tá difríocht mhór idir *Ciarán* agus *Cathal*, mar shampla. San aonad seo, míneofar cad é is cúis leis an difríocht sin.

Gutaí agus consain

Tá fuaimeanna na Gaeilge roinnte *i* **ngutaí** *(vowels)* agus **consain** (*consonants*). Cad é an difríocht idir gutaí agus consain? Go bunúsach, ní úsáidtear na fiacla, an teanga ná na liopaí nuair atá gutaí á rá. Nuair a bhíonn consain á rá, áfach, bíonn teagmháil idir an teanga agus na fiacla nó idir codanna eile den bhéal.

Nuair atá consan in aice le *a, o* nó *u*, deirtear gur **consan leathan** é, mar shampla, ***C**athal*. Nuair atá consan in aice le *e* nó *i*, deirtear gur **consan caol** é, mar shampla, ***C**iarán.*

Go minic, bíonn ciall an fhocail ag brath ar an difríocht idir consain chaola agus consain leathana. Féach, mar shampla:

> An bhfuil ***cead*** agam imeacht?
> ***Cad*** a dúirt tú?
>
> Bhí orm an ***carr*** a thabhairt go dtí an garáiste.

Ó, cad é a bhí ***cearr*** léi?

Níl de dhifríocht idir *cead* agus *cad*, nó idir *carr* agus *cearr*, ach consan amháin. Sin é an fáth a mbíonn sé tábhachtach focail mar seo a rá mar is ceart.

Cleachtadh 1

Cloisfidh tú roinnt focal á léamh amach ar an taifeadadh. Tá *c* leathan i gcuid acu agus *c* caol i gcuid eile – i dtús nó i ndeireadh an fhocail. Éist go cúramach go gcloisfidh tú cén focal atá á rá ag an gcainteoir. Cuir tic sa bhosca ceart. Tá an chéad sampla déanta cheana féin, mar chabhair duit.

C leathan		C caol	
1 cad	✓	cead	
2 seabhac		seabhaic	
3 cart		ceart	
4 cas		ceas	
5 cantar		ceantar	
6 clais		clis	
7 carn		cearn	
8 crú		criú	
9 cathair		ceathair	
10 bac		baic	

Mar a dhéantar an fhuaim

Nuair a bhímid ag caint sa teanga a labhraímid de ghnáth, ní smaoinímid riamh ar na páirteanna den bhéal a bhíonn in úsáid againn. Ach tá fuaimeanna sa Ghaeilge nach bhfuil sa Bhéarla in aon chor. Bíonn rud beag oibre le déanamh i gcás na bhfuaimeanna sin agus is cabhair dúinn eolas a bheith againn ar na páirteanna den bhéal a úsáidtear chun gach fuaim acu a dhéanamh.



Mar shampla, nuair a bhíonn *c* leathan á rá, déanann cúl na teanga teagmháil ghairid leis an gcuid sin d'uachtar an bhéil a dtugtar ***an coguas*** air, mar atá léirithe sa phictiúr ar dheis. Tugtar *the soft palate* ar an gcoguas i mBéarla, agus is maith an t-ainm é, mar tá an chuid sin d'uachtar an bhéil níos boige ná an chuid eile. Stopann an sruth aeir fad is a bhíonn cúl na teanga buailte leis an gcoguas. Nuair a thiteann an teanga síos arís, imíonn an t-aer agus cloistear an fhuaim.

AIRE!

Déan iarracht gan *w* a chur isteach idir *c* leathan agus an guta ina dhiaidh. Ní *Cwaoimhe* ná *cwaoga* a deirtear, ach *Caoimhe* agus *caoga.*

Cleachtadh 2

Chualamar a lán samplaí de *c* leathan sa chomhrá idir Connor agus Sophie:

- cuma
- cuir
- cuimhin
- caillte
- clabhstar
- cár
- Cathal
- caint
- costasach

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *c* leathan a rá mar is ceart.

AIRE!
Ní bhíonn mórán deacrachtaí ag daoine leis an bhfuaim seo. Mar sin féin, déan iarracht gan *k* beag lag a rá. Bí ag smaoineamh ar an áit a bhfuil do theanga agus na focail á rá agat. Is maith an cleachtadh é.

Fuaimeanna i bhfócas: *c* caol.
Chualamar a lán samplaí de *c* caol sa chomhrá idir Connor agus Sophie, is é sin *c* in aice leis na gutaí *e* agus *i*.

Mar a dhéantar an fhuaim



Chonaiceamar cheana go bhfuil difríocht fuaime ann idir *c* leathan agus *c* caol agus go bhfuil sé tábhachtach an difríocht sin a bheith soiléir. Is deacair sin a dhéanamh gan fios a bheith againn ar an gcaoi a ndéantar an fhuaim sa bhéal.
Sa chás seo, déanann lár na teanga teagmháil ghairid le páirt d'uachtar an bhéil a dtugtar ***an carball*** air. Tugtar *the hard palate* ar an gcarball i mBéarla, agus is maith an t-ainm é mar tá an chuid sin d'uachtar an bhéil níos crua ná an chuid atá thiar i dtreo na scornaí.
Stopann an sruth aeir fad is a bhíonn cúl na teanga buailte leis an gcoguas. Nuair a thiteann an teanga síos arís, imíonn an t-aer agus cloistear an fhuaim.

AIRE!
Déan iarracht gan an *c* a bheith róleathan, ar nós *chemical* nó *kerb* sa Bhéarla. Bí ag smaoineamh ar an áit a bhfuil do theanga agus na focail á rá agat. Is maith an cleachtadh é.

Cleachtadh 3
Cloisfidh tú roinnt focal as comhrá Connor agus Sophie á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *c* caol a rá mar is ceart.

- cearr
- ceist
- ceamara
- Ciarán
- Ceanada
- an ceann ceannann céanna
- creid
- Dé Céadaoin
- cinnte
- ciall

Cleachtadh 4

Éist arís leis an gcomhrá idir Connor agus Sophie. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht an fhuaim *c* a rá mar is ceart i ngach cás.

Aonad 2

Comhrá

Tá Ailbhe agus Sophie ag caint le chéile ar Skype. Léigh an téacs ar dtús agus déan cinnte go dtuigeann tú na focail go léir. Éist leis an gcomhrá ar an taifeadadh ansin.

Electric Picnic

Ailbhe: Ó, sin rud eile – chuir Colm ríomhphost chugam. Ag iarraidh mo chomhairle, a dúirt sé.

Sophie: Colm? Colm Ó Lochlainn ag iarraidh comhairle? Sin ceann nua!

Ailbhe: Tá a fhios agam. Fan go gcloise tú: tá sé féin agus a chuid cairde ag iarraidh dul go dtí an Electric Picnic i mbliana.

Sophie: Ach caithfidh tú a bheith ocht mbliana déag d'aois le cead isteach a fháil. Níor ligeadh tusa isteach an t-am deireanach sin. Agus tá Colm cosúil le buachaill beag.

Ailbhe: Tá a fhios agam! Sin an chuma atá air ceart go leor.

Sophie: Cén chomhairle a chuir tú air, mar sin?

Ailbhe: Dúirt mé leis go mbíonn neart ceolchoirmeacha sa chathair. Éist, chuaigh mé chuig ceann iontach le déanaí...

Fuaimeanna i bhfócas: *ch* leathan

Tá *ch* le cloisteáil go minic i gcomhrá Sophie agus Ailbhe. Bíonn fuaim ar leith i gceist le *ch* nuair a bhíonn sé in aice le *a, o* agus *u*. Is ***ch* leathan** é a leithéid sin.

Mar a dhéantar an fhuaim



Nuair a bhíonn *ch* leathan á rá, ardaítear cúl na teanga i dtreo an chuid sin d'uachtar an bhéil a dtugtar **an coguas** air, mar atá léirithe sa phictiúr ar dheis. Gluaiseann an t-aer idir an teanga agus an coguas agus is mar sin a dhéantar an fhuaim.

Cleachtadh 1

Chualamar samplaí *i dtús an fhocail*:

- ***ch***uir Colm ríomhphost
- mo ***ch***omhairle
- a ***ch***uid cairde
- sin an ***ch***uma atá air
- cén ***ch***omhairle a ***ch***uir tú air
- sa ***ch***athair

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *ch* a rá mar is ceart.

AIRE!

Déan iarracht gan *k* nó *c* a rá mar atá i bhfocail Bhéarla mar *keep* agus *cold*. Tá *ch* leathan níos 'gairbhe' ná sin. Smaoinigh ar an gcaoi a ndeir muintir na hÉireann an focal 'loch'. Ní hionann in aon chor é agus *lock*. Ba cheart go mothófá an *ch* i do scornach!

Cleachtadh 2

Chualamar samplaí *i lár an fhocail*:

- Colm Ó Lo***ch***lainn
- bua***ch***aill beag
- ceol***ch***oirmeacha

Arís, cloisfidh tú na focail sin á rá ar an taifeadadh, agus spás ann chun go mbeidh tú féin in ann triail a bhaint astu. Éist le gach sampla agus déan iarracht é a rá i ndiaidh na gcainteoirí.

AIRE!

Déan iarracht an dá bhotún seo a sheachaint:

1. *ch* a rá ar nós *k* nó *c* sa Bhéarla: *bu-kal* 👎
2. gan an *ch* a rá in aon chor: *bu-hal* 👎

Cleachtadh 3

Chualamar samplaí *i ndeireadh an fhocail*:

- a***ch***
- cead istea***ch***
- an t-am deireana***ch***
- ceann ionta***ch***

Arís, cloisfidh tú na focail sin á rá ar an taifeadadh. Éist le gach sampla agus déan iarracht é a rá i ndiaidh na gcainteoirí.

Nod don eolach

1. Ní i gcónaí a bhíonn an fhuaim *ch* an-láidir i ndeireadh an fhocail. Is minic a bhíonn an fhuaim níos 'boige' sa chaint – chomh bog sin gur ar éigean a chloistear in aon chor é. Bain triail as *ch* a rá go soiléir sna samplaí thuas ar aon chaoi – is maith an cleachtadh é.
2. Ar thug tú faoi deara go bhfuil focail áirithe sa téacs a thosaíonn le *ch* ach nach bhfuil chomh 'garbh' céanna le samplaí mar *chuir* nó *ach*?

- chuir Colm ríomhphost ***ch****ugam*
- ***Ch****uaigh* mé ***ch****uig* ceann iontach

Is mar seo a deir na cainteoirí na focail sin: *hugam*, *huaigh* agus *huig*. An féidir leat smaoineamh ar shampla ar bith eile sa Ghaeilge?

Cleachtadh 4

Éist arís leis an gcomhrá idir Ailbhe agus Sophie. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht an fhuaim *ch* a rá mar is ceart i ngach cás.

Nod don eolach

Is as na Déise, i gContae Phort Láirge é Ailbhe. Is dócha gur thug sibh faoi deara mar a deir sé focail áirithe:

- *Tá, atá*... *thá* agus *athá* a deir Ailbhe.
- *Éist*... Rud éigin mar *aysht* a deir Ailbhe.
- *Iontach*... *úntach* a deir Ailbhe.

Ní chaithfidh tusa na focail sin a rá díreach mar a deir Ailbhe iad. Díreach ar nós an Bhéarla, bíonn difríochtaí beaga i bhfuaimeanna na Gaeilge ó áit go háit sa tír.

Grúpaí consan

Tá consain áirithe ann atá cosúil le chéile sa mhéid is go ndéantar iad san áit chéanna sa bhéal. Tugtar ***grúpaí consan*** orthu seo. Más féidir leat *ch* leathan a rá, mar shampla, níor cheart go mbeadh fadhb agat le fuaimeanna atá sa ghrúpa céanna leis: *dh* leathan agus *gh* leathan.

Cleachtadh 5

Éist leis na habairtí seo ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach abairt uair amháin. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an abairt a rá os ard. Cloisfidh tú an abairt á rá arís ansin. Déan iarracht na fuaimeanna *ch, dh* agus *gh* leathan a rá mar is ceart i ngach cás.

1. Níl aon ***gh***á leis sin, a ***Dhónaill***.
2. ***Ch***aith mé an ***ch***oicís ar fad sa ***Gh***aelta***ch***t.
3. Dúirt sé rudaí an-***gh***ránna faoi ***Gh***ráinne.
4. Arú a ***Ch***onaill, ná habair nár ***gh***lan tú suas i do dhiaidh.
5. ***Gh***ortaigh mé mo ***dh***á ***ch***os.
6. Bíonn aimsir ***gh***aofar ***dhoineanta*** ann timpeall na Nollag.
7. Tá sé fíor***ch***umasa***ch*** ar an ngiotár ach níl a ***gh***uth ró-ionta***ch***.
8. Bhain do ***dhán*** duais sa ***ch***omórtas. Comh***gh***airdeas!
9. Bíonn sí an-***gh***nóthach sa ***gh***airdín an t-am seo den bhliain.
10. Bhí Sor***ch***a sa ***Gh***rúpa Drámaío***ch***ta ***ch***omh maith.

Cleachtadh 6

Cloisfidh tú roinnt péirí focal á léamh amach ar an taifeadadh. An focail éagsúla iad, meas tú, nó an bhfuil na focail chéanna á léamh faoi dhó? Cuir tic sa bhosca ceart. Beidh ort éisteacht go cúramach – tá cuid mhór de ag brath ar na fuaimeanna *ch, dh* agus *gh* leathan. Tá an chéad sampla déanta cheana féin, mar chabhair duit.

	Na focail chéanna	**Focail éagsúla**
1 athair/achair		✓
2		
3		
4		
5		
6		
7		
8		
9		
10		

Aonad 3

Comhrá

Tá Connor agus Ailbhe ag féachaint ar chluiche sacair ar an teilifís. Léigh an téacs ar dtús agus déan cinnte go dtuigeann tú na focail go léir. Éist leis an gcomhrá ar an taifeadadh ansin.

Bua nó briseadh?

Connor: Ceithre nóiméad fágtha. A dhiabhal! Tá súil agam nach mbeidh am breise ann. Tá Chelsea go maith ag scóráil sna nóiméid dheireanacha.

Ailbhe: Chríochnaigh an chéad leath in am. Níor cheart go mbeadh an ceann seo... ó, ní chreidim é! Ní chreidim é!

Connor: Saorchic! Nach mbeadh a fhios agat? Tá seo díreach cosúil leis an oíche sin in Barcelona.

Ailbhe: Á, a thiarna, ná habair sin. Ní raibh sé róchliste fear Chelsea a leagan mar sin. An cheist atá agamsa: cad é cúis nár cheannaíomar cúl báire ceart nuair a bhí an seans againn?

Connor: Ó a chead aige! Níor cheap mé riamh go mbeadh an bua againn ar aon nós.

Fuaimeanna i bhfócas: fuaim *ch* caol

Chualamar a lán samplaí de *ch* leathan in Aonad 1, mar shampla *A **Ch**onaill*. Bíonn ***ch caol*** ann nuair a bhíonn *ch* in aice leis na gutaí *e* agus *i*, mar shampla *A **Ch**iaráin*. Níl an fhuaim seo chomh 'garbh' le *ch* leathan.

Mar a dhéantar an fhuaim



Nuair a bhíonn *ch* caol á rá, bíonn lár na teanga ardaithe i dtreo an chuid sin den bhéal a dtugtar ***an carball*** air. Nuair a ghluaiseann an t-aer idir an teanga agus an carball, déantar fuaim *ch* caol, mar atá léirithe sa phictiúr ar chlé.

Bain triail as an bhfuaim a dhéanamh anois.

- Cuir do theanga suas i dtreo an charbaill.
- Lig don aer dul idir do theanga agus an carball.
  Ní gá aon fhocal a rá, ach díreach an fhuaim a chleachtadh. Tá sí cosúil le siosarnach.

Cleachtadh 1

Chualamar samplaí *i dtús an fhocail*:

- ***Ch***ríochnaigh an ***ch***éad leath
- Níor ***ch***eart
- Ní ***ch***reidim é!
- An ***ch***eist atá agamsa
- Cén chúis nár ***ch***eannaíomar cúl báire
- Ó a ***ch***ead aige!
- Níor ***ch***eap mé riamh

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *ch* a rá mar is ceart.

Cleachtadh 2

Chualamar roinnt samplaí de *ch* caol *i lár an fhocail*:

- saor***ch***ic
- oí***ch***e
- ró***ch***liste

Arís, cloisfidh tú na focail sin á rá ar an taifeadadh, agus spás ann chun go mbeidh tú féin in ann triail a bhaint astu. Éist le gach sampla agus déan iarracht é a rá i ndiaidh na gcainteoirí.

AIRE!

Déan iarracht an dá bhotún seo a sheachaint:

1. *ch* caol a rá ar nós *k* nó *c* sa Bhéarla, mar shampla *oíche* a rá mar *ee-kah* 👎
2. *ch* caol a rá ar nós *ch* leathan, mar shampla *oíche* a rá mar *ee-cha* 👎

Ní i gcónaí a bhíonn *ch* caol an-láidir i lár an fhocail. Is minic a bhíonn an fhuaim chomh héadrom sin gur fuaim *h* a chloistear. Smaoinigh, mar shampla, ar ainmneacha mar Mi***ch***eál agus frásaí mar 'déan do dhí***ch***eall'.

Cleachtadh 3

Éist arís leis an gcomhrá idir Connor agus Ailbhe. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht an fhuaim *ch* a rá mar is ceart i ngach cás.

Nod don eolach

Corruair, bíonn difríochtaí beaga idir an chaoi a litrítear an focal agus an rud a deir cainteoirí Gaeilge agus iad ag comhrá go nádúrtha.

- *Tá súil **agam**...* Deir Colm rud éigin mar *agh'am*.
- *Nach mbeadh a fhios **agat**?* Deir Colm rud éigin mar *aghat*.
- *Ná habair **san**...* Deir Ailbhe *san*.
- *Fear Chelsea a **leagan**...* Deir Ailbhe *leagaint*.

Ní chaithfidh tusa na focail sin a rá díreach mar a deir Colm agus Ailbhe iad. Díreach ar nós an Bhéarla, bíonn difríochtaí beaga i bhfuaimeanna na Gaeilge ó áit go háit sa tír.

Téada an ghutha

Mar a chonaiceamar in Aonad 2, tá consain ann atá an-chosúil le chéile agus a dhéantar san áit chéanna sa bhéal. Tugtar **grúpaí consan** orthu seo. Tá *ch* agus *gh* leathan sa ghrúpa consan céanna.
Cén fáth a mbíonn na fuaimeanna in aon ghrúpa consan amháin chomh difriúil sin ó chéile? Braitheann sé ar conas a úsáidtear **téada an ghutha** (*the vocal chords*). Tá téada an ghutha suite sa phasáiste ón mbéal isteach sa scornach (féach an pictiúr ar dheis). Ní smaoinímid orthu de ghnáth, ach ní thiocfadh linn labhairt gan iad.

Céard iad féin?

Is dhá bhanda fíocháin iad 'téada an ghutha' atá sínte ó thaobh go taobh na larainge. Gluaiseann aer as na scamhóga trí na bandaí seo nuair a labhraímid (nó nuair a cheolaimid nó nuair a úsáidimid ár nguth ar aon bhealach).
Nuair a bhíonn na téada teannta, baintear tonnchrith as an aer ag dul tríothu. Consan ar bith a dhéantar tríd an tonnchrith sin, is ***consan glórach*** é. Is consain ghlóracha iad *g* agus *gh*, cuir i gcás.

Nuair a bhíonn téada an ghutha oscailte amach, gluaiseann an t-aer tharstu gan bhac. Consan ar bith a dhéantar ar an gcaoi sin, gan tonnchrith, is ***consan neamhghlórach*** é. Is consain neamhghlóracha iad *c* agus *ch*, cuir i gcás.

Is féidir breathnú ar théada an ghutha á n-oibriú san fhíseán seo. Seans nach dtaitneodh sé leat! https://www.youtube.com/watch?v=v9Wdf-RwLcs.

The vocal cords are two folds of tissue that stretch across the larynx. Air from the lungs passes through these folds when we speak (or when we sing or use our voice in any way).

When the vocal cords are tightly positioned against each other, the air passing through vibrates. Any consonant produced by this kind of vibration is known as a ***voiced consonant***. *G* and *gh*, for example, are voiced consonants.

When the vocal cords are relaxed and open, the air passes through freely. Any consonant produced without vibration is known as a ***voiceless consonant***. *C* and *ch*, for example, are voiceless consonants.

You can see the vocal cords in action in this video. You might not find it pretty! https://www.youtube.com/watch?v=v9Wdf-RwLcs.

Cleachtadh 4

Más féidir leat *ch* caol a rá, níor cheart go mbeadh fadhb agat le fuaimeanna atá sa ghrúpa céanna leis: *dh* agus *gh* caol. Tá sé rud beag cosúil le fuaim *y* sa Bhéarla.

Éist leis na habairtí seo ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach abairt uair amháin. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an abairt a rá os ard. Cloisfidh tú an abairt á rá arís ansin. Déan iarracht na fuaimeanna *gh* agus *dh* leathan a rá mar is ceart i ngach cás.

1. ***Gh***eobhaidh tú taithí mhaith má ***dh***éanann tú obair ***dh***eonach linn.
2. Is í mo ***dh***eirfiúr an bhean ***dh***eireanach a ligfinn di mo ***dh***ialann a léamh.
3. Ná bí ró***dh***ian air, a ***Gh***earóidín.
4. Bhí sé fíor***dh***eacair an t-adhmad a ***gh***earradh.
5. ***Gh***eall sí dom go mbeadh sí anseo ar a dó ***dh***éag.
6. Bhí sé ag iarraidh an carr a ***dh***íol liom ach ***dh***iúltaigh mé scun scan dó.

Aonad 4

Comhrá

Tá Ailbhe ar bís le ceachtanna tiomána a fháil ach ní lena athair féin. Léigh an téacs ar dtús agus déan cinnte go dtuigeann tú na focail go léir. Éist leis an gcomhrá ar an taifeadadh ansin.

Buail an bóthar

Sophie: An bhfuil tú ag súil le do bhreithlá, mar sin? Seacht mbliana déag d'aois, a Ailbhe. Tá tú ag éirí sean.

Ailbhe: Ag magadh atá tú! Níl mé ach bliain amháin níos sine ná tusa. Níl mé in aois an phinsin fós. Ach shíl mé go mbeinn ag tiomáint faoin am seo. Á, ba bhreá liom an tiomáint a fhoghlaim!

Sophie: Cad é a deir d'athair?

Ailbhe: Sin an fhadhb. Dúirt mé leis go raibh mé ag iarraidh ceachtanna leis an dream sin i lár an bhaile. Ó, cén t-ainm atá orthu? Is ea, *Irish Motoring Academy*. Ach dúirt Dad liom, "Tabharfaidh mise ceachtanna duit."

Sophie: Cad é atá cearr leis sin – ceachtanna a fháil gan pingin a íoc?

Ailbhe: Dhera, dhéanfadh sé neirbhíseach mé – Dad a bheith ag féachaint orm agus ag tabhairt orduithe dom.

Aibítir agus fuaimeanna

Déanann gach teanga bheo iarracht a cuid fuaimeanna a léiriú i litreacha aibítre. ***Ach ní hionann litreacha agus fuaimeanna.*** I ngach uile theanga, bíonn níos mó fuaimeanna ná litreacha aibítre. Bíonn a lán rudaí le cur san áireamh:

- Athraíonn an fhuaim de réir na litreacha atá thart air. Chonaiceamar, mar shampla, mar a athraíonn fuaim *c* de réir mar a bhíonn *a, o, u* nó *e, i* thart air.

- Tá gutaí ann nach bhfuil d'fheidhm leo ach a chur in iúl don léitheoir go bhfuil an consan caol nó leathan. Ní chloistear an *i* san fhocal *anois*, mar shampla, ach teastaíonn sé chun a chomharthú dúinn gur *ah-nish* atá ann seachas *ah-niss*. **Sleamhnóg** a thugtar ar ghuta den chineál seo, mar sleamhnaímid thairis gan é a rá.

- Tá litreacha ann a scríobhtar i gcónaí ach nach ndeirtear sa chaint. **Litir bhalbh** a thugtar ar a leithéid. Smaoinigh, mar shampla, ar *d* sa fhocal *codladh*.

- Tá litreacha ann a scríobhtar i gcónaí ach ar gnách linn sciorradh tharstu sa chaint. Nuair a deirimid *Níl a fhios agam*, mar shampla, is gnách linn *Níl fhios agam* a rá.

- Corruair, cloisimid guta in áit nach bhfuil *a, e, i, o* ná *u* san fhocal scríofa. Smaoinigh, mar shampla, ar fhocail mar *Albain*, a fhuaimnítear mar *Ala-bain*. **Guta cúnta** an t-ainm a thugtar ar a leithéid.

Cleachtadh 1

Éistimis arís leis an gcomhrá idir Ailbhe agus Sophie, abairt ar abairt. Tá an chéad dá abairt scríofa amach thíos. Feicfidh tú go bhfuil marc curtha le gach litir nach bhfuaimnítear agus le gach focal a bhfuil guta cúnta le cloisteáil ann. Pléifidh an múinteoir na habairtí libh sa rang.

Sophie: An bhfuil tú ag súil le do bhreithlá, mar sin? Seacht mbliana déag d'aois, a Ailbhe. Tá tú ag éirí sean.

Ní deir Sophie 'an' – tá sé cosúil le 'A' bhfuil tú...'
Níl an 'g' le cloisteáil in 'ag' – tá sé cosúil le 'a' súil'.
Ní chloistear an 'a' roimh 'Ailbhe'.
Tá guta cúnta i lár 'Ailbhe.'

Ailbhe: Ag magadh atá tú! Níl mé ach bliain amháin níos sine ná tusa. Níl mé in aois an phinsin fós. Ach shíl mé go mbeinn ag tiomáint faoin am seo. Á, ba bhreá liom an tiomáint a fhoghlaim!

Ní chloistear an 'g' in 'ag magadh'.
Ní chloistear an 'a' in 'atá'
Ní chloistear an 'n' in 'aois an phinsin'– tá sé cosúil le 'aois a' phinsin'.
Ní chloistear an 'g' in 'ag tiomáint'.

Éist leis an gcuid eile den chomhrá. Cuir marc le gach litir nach bhfuaimnítear agus le gach focal a bhfuil guta cúnta ann, de réir na samplaí thuas.

Sophie: Cad é a deir d'athair?

Ailbhe: Sin an fhadhb. Dúirt mé leis go raibh mé ag iarraidh ceachtanna leis an dream sin i lár an bhaile. Ó, cén t-ainm atá orthu? Is ea, *Irish Motoring Academy*. Ach dúirt Dad liom, "Tabharfaidh mise ceachtanna duit."

Sophie: Cad é atá cearr leis sin – ceachtanna a fháil gan pingin a íoc?

Ailbhe: Och, dhéanfadh sé neirbhíseach mé – Dad ag féachaint orm agus ag tabhairt orduithe dom.

Cleachtadh 2

Cad é atá le foghlaim ón bplé a bhí againn ar an téacs? Seo thíos cuid de na príomhphointí:

1. Nuair a bhíonn *an* idir dhá fhocal eile, ní chloistear an *n* má thagann consan ina dhiaidh.

- Aois a' phinsin (aois an phinsin)
- Lár a' bhaile (lár an bhaile)

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

A. _____

B. _____

C. _____

Is minic nach gcloistear an *n* roimh ainmfhocal aonair a thosaíonn le consan. B'fhéidir, mar shampla, go ndéarfadh duine 'leis a' dream sin'.

Ach cloistear an *n* roimh ghutaí nó *fh* + guta:

- An fhadhb

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

A. _____

B. _____

C. _____

2. Cailltear gutaí agus consain nuair a ritheann siad isteach ina chéile:

- 'Ailbhe (a Ailbhe)
- Ag magadh 'tá tú (ag magadh atá tú)
- Cad é 'deir (cad é a deir)
- 'Sea (is ea)
- Leisin (leis sin)
- Ceachtanna 'fháil (ceachtanna a fháil)

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

A. _____

B. _____

C. _____

3. Ní i gcónaí a chloistear an 'g' in 'ag' roimh chonsan:

- A' súil (ag súil)
- A' magadh (ag magadh)
- A' tiomáint (ag tiomáint)
- A' féachaint (ag féachaint)
- A' tabhairt (ag tabhairt)

Ach cloistear roimh ghuta é:

- Ag éirí
- Ag iarraidh

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

A. _____

B. _____

C. _____

4. Tá an guta cúnta réasúnta coitianta sa Ghaeilge:

- Ailbhe
- Ainm

Cloistear guta cúnta nuair a bhíonn *l, n* nó *r* buailte le *b* (*Albain*), *bh* (*seilbh*), *g* (*dearg*), *m* (*ainm*) nó *mh* (*ainmhí*). Tá sé coitianta ina lán ainmneacha chomh maith: Donncha, Sorcha.

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

A. _____

B. _____

C. _____

Canúintí Gaeilge

Bíonn a stíl chainte féin ag gach uile dhuine agus bíonn nósanna cainte faoi leith i gceantair faoi leith. **Canúint** a thugtar ar leagan de theanga a labhraítear i gceantar faoi leith. I gcás na Gaeilge, tá trí chanúint mhóra ann: canúint Uladh, canúint Chonnacht agus canúint na Mumhan.

Nuair a smaoinímid ar chanúintí is minic a smaoinímid ar fhocail agus ar leaganacha cainte, ach bíonn cúrsaí foghraíochta i gceist chomh maith. Dúirt Sophie *pingin* mar a bheadh *pín* ann, mar shampla. Tá cainteoirí eile ann a déarfadh an *ng* go soiléir.

Beimid ag filleadh ar an gceist seo ó am go ham sna cleachtaí seo.

Cleachtadh 3
Cloisfidh tú beirt chainteoirí ag léamh amach frásaí ón dialóg. Deir cainteoir amháin gach focal díreach mar atá sé scríofa síos. Sciorrann an cainteoir eile thar litreacha agus focail áirithe. Cé acu is deise agus is nádúrtha, dar leat?

Cleachtadh 4
Éist arís leis an gcomhrá idir Ailbhe agus Sophie. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht aithris ar an mbeirt chainteoirí.

Aonad 5

Comhrá

Tá Sophie ag dul ar saoire arís agus Ailbhe bocht ag fanacht sa bhaile.

Fonn taistil

Ailbhe: Bím in éad libhse – bíonn sibh ag taisteal an t-am ar fad. An Fhrainc, an Tuirc. An bhfuil tír ar bith ar domhan nach raibh tú ar cuairt ann?

Sophie: Ó tá, cinnte. Ní raibh mé sna Stáit riamh, agus ba bhreá liom dul ann.

Ailbhe: Á, Sophie bhocht! Nach mór an trua í? Abair le duine de na múinteoirí é agus b'fhéidir go mbeadh turas scoile againn go Washington D.C.

Sophie: Tá tú ag magadh orm anois. Ach tá mé ag rá leat, dhéanfadh sé tuirseach thú – na ticéid a bhailiú, tacsaí go dtí an t-aerfort, an t-eitleán, an teas. Níl a fhios agam an fiú an trioblóid é. Agus mura bhfuil teanga na háite agat ní thig leat amharc ar an teilifís, fiú amháin.

Ailbhe: Mar sin féin, níor mhiste liom féin seachtain cois trá nó i mo luí ar an tolg ag imirt cluichí.

Fuaimeanna i bhfócas: t caol agus t leathan

Díreach ar nós *c*, athraíonn fuaim *t* de réir na ngutaí atá thart air. ***t caol*** a bhíonn ann agus é in aice *e* nó *i*. ***t leathan*** a bhíonn ann agus é in aice *a, o* nó *u*. Is minic a bhíonn ciall an fhocail ag brath ar an difear sin a thabhairt slán. Féach, mar shampla:

Tabhair cupán ***tae*** don ***té*** a bhfuil tart air.

Is minic a dhéantar *t* caol den *t* leathan ag deireadh focail chun a thabhairt le fios go bhfuil sé sa tuiseal ginideach nó san uimhir iolra. Féach, mar shampla:

An Stát / airgead an Stáit
An cat / na cait

Mar sin de, bíonn ciall an fhocail ag brath ar na fuaimeanna seo a rá mar is ceart.

Mar a dhéantar an fhuaim: *t* leathan



Cuirtear tosach na teanga i gcoinne chúl na bhfiacla uachtaracha, rud a stopann an sruth aeir. Nuair a bhogtar an teanga, imíonn an t-aer agus déantar an fhuaim.

AIRE!

Má tá fuaim Ghaeilge agus fuaim Bhéarla cosúil le chéile, bíonn fonn ar fhoghlaimeoirí an fhuaim Bhéarla a rá. Is fusa go mór cloí leis na fuaimeanna a bhfuil taithí agat orthu. Ach tá *t* na Gaeilge níos láidre ná *t* an Bhéarla.

Áiseanna ar líne

An dtiocfaidh lá choíche nuair a bheidh Gaeilge bhreá ag do ríomhaire? Tá an lá sin tagtha cheana féin, agus is iomaí áis leictreonach atá le fáil saor in aisce a chabhróidh leat snas agus blas a chur ar do chuid Gaeilge. Ceann acu sin is ea an suíomh www.abair.ie. 'Sintéiseoir téacs' atá ann. Scríobh roinnt focal Gaeilge isteach sa bhosca ar an scáileán, agus déanfaidh an sintéiseoir iarracht iad a rá. Cuireadh a lán focail agus abairtí Gaeilge isteach sa chóras sa chaoi is go n-aithneodh sé naisc idir litriú agus fuaimeanna agus go mbeadh barúil aige cén chaoi ar cheart focail agus frásaí a rá. Beidh ionadh ort cé chomh nádúrtha is a bhíonn sé agus é 'ag caint' leat. Tá rogha agat, fiú amháin, idir blas cainte Ghaoth Dobhair (Dún na nGall) agus blas cainte Chonamara (Contae na Gaillimhe). Is féidir a ordú don sintéiseoir labhairt go fíormhall, go mall, ar gnáthluas, go tapa nó ar ardluas. Bain triail as na socruithe ama sin go léir.



Cleachtadh 1

Breac na habairtí seo a leanas isteach ar www.abair.ie go bhfeicfidh tú conas a fhuaimnítear an *t* sna focail. Bain triail as do chuid leaganacha féin a chumadh, go bhfeice tú an bhfuil www.abair.ie ábalta iad a rá.

1. Tóg an traein go Trá Lí.
2. Tá an turas tuirsiúil go leor gan an tranglam tráchta tubaisteach seo.
3. Tá taighde tábhachtach ar siúl ag Tarlach.
4. Is trua nár tugadh tacaíocht don Taoiseach ná don Tánaiste an t-am sin.
5. Bhí an t-uisce truaillithe tamall fada tar éis na taisme.

Cleachtadh 2

Chualamar a lán samplaí de *t* leathan sa chomhrá idir Sophie agus Ailbhe:

- taisteal
- an t-am
- an Tuirc
- tá
- trua
- turas
- tuirseach
- tacsaí
- an t-aerfort
- trá
- tolg

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *t* leathan a rá mar is ceart.

Mar a dhéantar an fhuaim: *t* caol

Díreach ar chúl na bhfiacla uachtaracha tá droim bheag ar a dtugtar 'an t-ailbheolas'. Féach an léaráid ar dheis.

Buailtear tosach na teanga i gcoinne an ailbheolais chun fuaim *t* caol a dhéanamh.

AIRE!
Is minic a deir foghlaimeoirí rud atá cosúil le *ch* sna focail Bhéarla ***ch**urch* nó ***ch**apel* seachas an fhuaim cheart Ghaeilge. *Cheer* a deir siad, seachas *tír*, agus *kitch* seachas *cait*. Tá sé tábhachtach, mar sin, an fhuaim cheart Ghaeilge a chleachtadh.

Cleachtadh 3
Chualamar a lán samplaí de *t* caol sa chomhrá idir Sophie agus Ailbhe:

- tír
- ticéid
- an t-eitleán
- teas
- trioblóid
- teanga
- teilifís
- cinnte
- múinteoir
- na háite
- miste
- cuairt
- stáit
- imirt

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *t* leathan a rá mar is ceart.

Cleachtadh 4
Éist arís leis an gcomhrá idir Ailbhe agus Sophie. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht an fhuaim *t* a rá mar is ceart i ngach cás.

Nod don eolach
Ar thug tú faoi deara mar a deir Sophie an focal *mé* sna habairtí seo?

- *Ní raibh **mé** sna Stáit...*
- *Tá **mé** ag rá leat...*

Cé go bhfuil síneadh fada ar an *é*, ní fhuaimnítear an focal mar *may*. Is mó is cosúil le *meh* é – tá sé an-ghairid ar fad. Sin mar a fhuaimnítear focail mar *mé, sé* agus *é* de ghnáth agus iad istigh in abairt.

Fuaimeanna i bhfócas: *d* leathan agus *d* caol

Bhí plé againn cheana ar **ghrúpaí consan**, is é sin consain atá an-chosúil le chéile mar déantar iad san áit chéanna sa bhéal. Más féidir leat *t* leathan agus *t* caol a rá, mar shampla, níor cheart go mbeadh fadhb agat le *d* leathan agus *d* caol a rá. Níl de dhifear eatarthu ach go n-úsáidtear téada an ghutha chun *d* a rá.

AIRE!

Nuair a bhíonn d caol san fhocal Gaeilge, is minic a deir foghlaimeoirí rud atá cosúil le *j* san fhocal Béarla *joy*. *Jee-ah* a deir siad, seachas *Dia*, agus *jimmy* seachas *d'imigh*. Tá sé tábhachtach, mar sin, an fhuaim cheart Ghaeilge a chleachtadh.

Tá *d* leathan na Gaeilge níos láidre ná *d* an Bhéarla.

Áiseanna ar líne

Cuir i gcás go bhfuil tú in amhras conas focal Gaeilge a rá. Is féidir áiseanna mar www.abair.ie a úsáid chun teacht ar an bhfuaim cheart Ghaeilge. Áis bhreá eile is ea www.focloir.ie, an foclóir nua Béarla–Gaeilge atá ar fáil ar líne saor in aisce. Má scríobhann tú focal Béarla isteach sa bhosca cuardaigh, seans go bhfeicfidh tú comhartha beag in aice an fhocail Ghaeilge agus na litreacha C (Connacht), M (an Mhumhain) agus U (Uladh) ina dhiaidh.* Más mian leat an focal a chloisteáil i gceann ar bith de na trí chanúint sin, níl le déanamh ach cliceáil ar an litir.

* Níl an foclóir iomlán go fóill, agus tá roinnt focal ann nach bhfuil aon taifeadadh orthu ar líne fós.

Cleachtadh 5

Seo thíos roinnt focal a fhuaimnítear go mícheart, corruair.

- Bain féin triail as an bhfocal Gaeilge a rá ar dtús.
- Scríobh an focal Béarla isteach i mbosca cuardaigh www.focloir.ie.
- Cliceáil ar C nó M nó U (nó ar gach ceann acu) go gcloise tú an focal Gaeilge á rá. Éist leis chomh minic agus is mian leat.
- An bhfuil aon difríocht idir an chaoi a raibh an focal á rá agat féin agus an chaoi a ndeirtear ar www.focloir.ie é?

1. *dole out* / dáil
2. *incineration* / dó
3. *the public* / na daoine
4. *door* / doras
5. *close* / druid

Cleachtadh 6

Éist leis na habairtí seo ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach abairt uair amháin. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an abairt a rá os ard. Cloisfidh tú an abairt á rá arís ansin. Déan iarracht na fuaimeanna *t* agus *d* a rá mar is ceart i ngach cás.

1. Treasa an t-ainm atá ar a deirfiúr.
2. Déaglán a fuair an duais ba mhó.
3. Tá Dónall níos deise ná Tríona.
4. D'fhreagair mé trí cheist ar Pháipéar a Dó.
5. Deir daoine gur post deacair é.
6. Teach te teolaí atá ag teastáil uaim.
7. D'éirigh sí déanach go leor sa lá.
8. Damhnait, sílim, a d'ordaigh an deoch sin
9. Díreach i ndiaidh a trí a chlog a thosaigh an troid.
10. Beidh Dún na nGall agus Doire ag imirt Dé Domhnaigh.

Aonad 6

Cleachtadh 1

Cloisfidh tú Ailbhe agus Connor ag caint le chéile. Éist leis an gcomhrá agus féach ar an téacs thíos.

- An bhfuil aon rud aisteach faoin gcaoi a bhfuil Ailbhe agus Connor ag caint?
- Dá mbeifeá féin ag caint, an ndéarfá aon rud ar bhealach difriúil? Cad iad na hathruithe a dhéanfá, agus cén fáth?
- I ngrúpaí beirte, pléigí na hathruithe ba mhaith libh a dhéanamh agus scríobhaigí ar an téacs iad. Bígí réidh chun iad a mhíniú.

Comhrá

Tá scéal nua ag Ailbhe le hinsint do Connor.

Cóisir thubaisteach



Ailbhe: Aha! Tá tú anseo! Táim ar do lorg ó mhaidin.

Connor: Ar mo lorg? Bhí mé sa leabharlann, ag scríobh aiste. Cén scéal?

Ailbhe: Scéal a thaitneoidh leat, is dóigh liom. An raibh a fhios agat go raibh cóisir ag Martin ag an deireadh seachtaine?

Connor: Cóisir an ea? Ní bhfuair mé cuireadh!

Ailbhe: Ná mé ach oiread. Ach éist, ina theach a bhí an chóisir.

Connor: Ina theach? Céard a shíl Mamaí agus Daide de sin?

Ailbhe: Bhí siad as baile. Ach fan go gcloise tú. Cé a bhí ann ach do chara, Rónán?

Connor: Há! Ní cara ar bith de mo chuid é. Rónán atá ag siúl amach le Sorcha atá i gceist agat?

Ailbhe: An fear céanna. Bhuel, is cosúil gur thug sé scata dá chuid cairde leis agus gur scrios siad an teach. Martin bocht – caithfidh sé an scéal a mhíniú dá thuismitheoirí.

Fuaimeanna i bhfócas: treise

Agus iad ag caint le chéile, bíonn Ailbhe agus Connor ag iarraidh **treise** (*emphasis*) a chur ar fhocail nó ar chuid den abairt a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis. Bíonn bealaí difriúla i dteangacha éagsúla chun treise a chur in iúl. Ar an drochuair, baineadh úsáid as nósanna an Bhéarla go minic sa chomhrá a chualamar ar ball.

Tá bealaí éagsúla ann chun aird a tharraingt ar fhocal in abairt Bhéarla:

- é a rá rud beag níos airde (nó níos ísle) ná focail eile san abairt
- fad a bhaint as an bhfocal

Déantar na rudaí céanna i nGaeilge, mar shampla:

> *An bhfuil tú ag iarraidh siúcra i do chuid tae?*
> *Ní ólaim tae **ar chor ar bith**.*

Ní i gcónaí a bhíonn a leithéid oiriúnach don Ghaeilge, áfach. Féach na samplaí seo ón chomhrá idir Ailbhe agus Connor.

- Á, tá tú ***anseo***!
- Ar ***mo*** lorg?
- Bhí mé ***sa leabharlann***
- Ní bhfuair ***mé*** cuireadh!
- Ná ***mé*** ach oiread.
- in***a*** theach a bhí an chóisir
- Bhí ***siad*** as baile.
- ***do*** chara, Rónán
- de ***mo*** chuid
- caithfidh ***sé*** an scéal a mhíniú

Tá bealaí eile ar fad sa Ghaeilge chun treise a chur le focail. Más mian linn an Ghaeilge a labhairt go blasta agus go nádúrtha, caithfimid eolas a chur orthu agus iad a úsáid inár gcuid cainte féin. Féachfaimid ar chuid acu anois.

Focail a bhogadh timpeall

Bhí Ailbhe ar lorg Connor ar feadh tamaill sular tháinig sé air sa leabharlann. Sin é an fáth a ndúirt sé: 'Á, tá tú ***anseo***!'

Sa Ghaeilge, ní bheadh 'anseo' mórán níos airde ná níos faide ná aon fhocal eile san abairt. Chuirfeá an focal chun tosaigh san abairt, mar seo: 'Á, anseo atá tú!'

Léirítear an difear idir an Ghaeilge agus an Béarla sna habairtí seo thíos, atá le cloisteáil ar an taifeadadh.

- Is ***Diarmaid*** leaving tomorrow? / An é Diarmaid atá ag imeacht amárach?
- Is Diarmaid ***leaving*** tomorrow? / An ag imeacht atá Diarmaid amárach?
- Is Diarmuid leaving ***tomorrow***? / An amárach atá Diarmaid ag imeacht?

Foirmeacha treise agus míreanna treise

Bealach eile chun treise a chur le focal ná leagan faoi leith de a úsáid. ***Foirm threise*** (*emphatic form*) a thugtar ar a leithéid, mar shampla: *mé/**mise**; tú/**tusa**, é/**eisean***; *í/**ise***.

Nuair a deir Connor 'Ní bhfuair ***mé*** cuireadh,' tá sé ag úsáid chóras treise an Bhéarla. Is é a bheadh sa Ghaeilge ná 'Ní bhfuair mise cuireadh.'

Ní i gcónaí a bhíonn foirm threise den fhocal ann. I gcás mar sin, cuirtear ***mír threise*** i ndeireadh an fhocail, mar shampla *chugam/chugamsa; duit/duitse; leis/leisean* nó *aici/aicise*.

Éist leis na habairtí seo, a léiríonn an difear idir an Ghaeilge agus an Béarla

- Looking for ***me***? / Ar mo lorgsa?
- ***They*** were away. / Bhí siadsan as baile.
- ***Your*** friend, Rónán. / Do charasa, Rónán.
- He's no friend of ***mine***. / Ní cara ar bith de mo chuidse é.
- Poor Martin, ***he*** has to explain to his parents. / Martin bocht, eisean a chaithfidh an scéal a mhíniú dá thuismitheoirí.

Féin

Corruair, úsáidtear an focal 'féin' chun treise a chur le focal.

Féach na habairtí seo, a léiríonn an difear idir an Ghaeilge agus an Béarla:

- The party was in ***his*** house. / Ina theach féin a bhí an chóisir.
- ***You*** do it. / Déan féin é.
- It was ***Sandra*** who told me. / Sandra féin a d'inis dom é.
- It's ***my*** money. / Mo chuid airgid féin atá ann.

Tá bealaí eile ann chun treise a chur le focail sa Ghaeilge, ach is leor trí cinn don am i láthair!

Cleachtadh 2

Éist arís leis an gcomhrá idir Connor agus Ailbhe. Tabharfaidh sibh faoi deara go bhfuil a lán athruithe ann. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin.

Cóisir thubaisteach

Ailbhe: Aha! Anseo atá tú! Táim ar do lorg ó mhaidin.

Connor: Ar mo lorgsa? Sa leabharlann a bhí mé, ag scríobh aiste. Cén scéal?

Ailbhe: Scéal a thaitneoidh leatsa, is dóigh liom. An raibh a fhios agat go raibh cóisir ag Martin ag an deireadh seachtaine?

Connor: Cóisir an ea? Ní bhfuair mise cuireadh!

Ailbhe: Ná mise ach oiread. Ach éist, ina theach féin a bhí an chóisir.

Connor: Ina theach féin? Céard a shíl Mamaí agus Daide de sin?

Ailbhe: Bhí siadsan as baile. Ach fan go gcloise tú. Cé a bhí ann ach do chara-sa, Rónán?

Connor: Huh! Ní cara ar bith de mo chuidse é. Rónán atá ag siúl amach le Sorcha atá i gceist agat?

Ailbhe: An fear céanna. Bhuel, is cosúil gur thug sé scata dá chuid cairde leis agus gur scrios siad an teach. Martin bocht – eisean a chaithfidh an scéal a mhíniú dá thuismitheoirí.

Fuaimeanna i bhfócas: siollaí

Tá gach uile fhocal roinnte i **siollaí** (*syllables*). Siolla amháin atá in *mór*. Dhá shiolla atá in *mór-roinn*. Trí shiolla atá in *mór-roinne*. Agus mar sin de...

Is focal **aonsiollach** é *mór*. Is focail **ilsiollacha** iad *mór-roinn* agus *mór-roinne*. Féadann an-chuid siollaí a bheith i bhfocal. Féach, mar shampla, *grianghrafadóireacht* – cúig shiolla ar fad ata san fhocal sin.

Cleachtadh 3

Bris na focail sa liosta seo thíos i siollaí. Tá an chéad sampla déanta cheana féin, mar chabhair duit.

Meiriceá	*Meir/i/ceá*
Teilifíseán	
Portaingéilis	
comhghairdeas	
Seanfhaiseanta	
Iarthuaisceart	
Leabhragán	
Fadhbanna	

Fuaimeanna i bhfócas: aiceann

Ní hionann an ***t-aiceann*** (*stress*) a chuirtear ar gach uile shiolla san fhocal. I mbeagnach gach focal, bíonn siollaí áirithe níos láidre ná a chéile. Féach cad é a tharlaíonn le 'grianghrafadóireacht' nuair a chuirtear cló trom ar na siollaí a bhfuil aiceann orthu: ***grian****ghrafa****dóir****eacht*. Tá impleachtaí móra ag na rudaí seo maidir le fuaimniú focail Ghaeilge.

Tá difríochtaí idir na canúintí Gaeilge maidir le cúrsaí aicinn de, ach ní deacair dul i dtaithí ar na difríochtaí sin.

Cleachtadh 4

Cloisfidh tú na focail sa liosta thíos á rá ag triúr cainteoirí: Sophie i dtosach, Connor ina dhiaidh sin agus Ailbhe ar deireadh. Cad é a thug tú faoi deara faoi bhéim na siollaí? Breac síos roinnt nótaí agus bí réidh leis an gceist a phlé sa rang.

galar
camán
lochanna
gasúr
eaglais
brionglóid
tiomáint

Aiceann agus na canúintí Gaeilge

Is mar a chéile, den chuid is mó, a deirtear focail mar *galar*, *lochanna* agus *eaglais* i ngach canúint. Cuirtear aiceann ar an gcéad siolla d'fhocail mar sin, de ghnáth. Ní mar a chéile, áfach, a deirtear focail mar *camán, gasúr, brionglóid* agus *tiomáint* – focail a bhfuil guta fada sa dara siolla iontu.

- Cuireann Sophie aiceann ar an gcéad siolla sna focail sin, mar is gnách le daoine a labhraíonn Gaeilge Uladh. Go deimhin, tá an t-aiceann ar an gcéad siolla chomh láidir sin nach mbeadh a fhios agat go bhfuil guta fada sa dara siolla ar chor ar bith.
- Is ar an gcéad siolla a chuireann Connor aiceann chomh maith, mar is gnách le daoine a labhraíonn Gaeilge Chonnacht.
- Is ar an dara siolla a chuireann Ailbhe aiceann, mar is gnách le daoine a labhraíonn Gaeilge Chúige Mumhan. Go deimhin, bíonn an t-aiceann chomh láidir in amanna go mbíonn an chéad siolla an-ghairid ar fad. *Drifiúr* a deirtear seachas *deirfiúr*, mar shampla, nó *rán* seachas *arán*.

Aonad 7

Comhrá

Nil tiúin rómhaith ar Connor ná ar Sophie inniu. Léigh an téacs ar dtús agus déan cinnte go dtuigeann tú na focail go léir. Éist leis an gcomhrá ar an taifeadadh ansin.

Cúlchaint is cnáimhseáil

Sophie: Ar chuala tú Úna sa chaifé ar maidin? A Dhia, is deacair cur suas leis an bhean sin.

Connor: Tá pian i mo chluas ag éisteacht léi! Bíonn sí liom ar an Luas gach maidin. Níl ciall ar bith aici. Céard a bhí sí a rá inniu?

Sophie: Ó, ag déanamh scéal mór faoin ghuthán póca nua atá aici. "Fuair Dad ardú céime agus cheannaigh sé seo dom." An ceann is fearr sa siopa, nach bhfuil a fhios agat.

Connor: Is fuath liom mar a dhéanann sí sin, ag caint faoi cé chomh costasach is atá seo agus siúd.

Sophie: Tá a fhios agam. Ach éist, níl sé maith a bheith ag cúlchaint mar seo. Cuireann sé gruaim orm.

Fuaimeanna i bhfócas: défhoghair

Chonaiceamar cheana féin go bhfuil idir chonsain (m.sh. *b, c, d*) agus ghutaí (*a, e, i, o* & *u*) sa Ghaeilge. Tá fuaim de chineál eile ann, is é sin an **défhoghar** (*diphthong*). Bíonn défhoghar ann nuair a thagann dhá ghuta le chéile in aon siolla amháin, mar shampla *u* agus *a* san fhocal *suas*, nó *i* agus *a* san fhocal *ciall*. Fuaimnítear gach guta acu go gasta i ndiaidh a chéile ar shlí a gcruthaíonn fuaim nua. Go deimhin, tá an t-ainm Gaeilge an-mhaith, mar ciallaíonn sé *fuaim x 2*.

Ní deacair na fuaimeanna seo a dhéanamh, ach tá cúpla botún ann a dhéanann foghlaimeoirí go minic.

Cleachtadh 1

Bíonn Connor ag taisteal ar an *Luas* gach maidin. Bí cúramach gan *Lús* a rá, nó rud éigin atá cosúil leis an bhfocal Béarla *Lewis*. Ba cheart go mbeadh an *u* agus an *a* le chloisteáil. Éist leis na samplaí seo a leanas. An gcloiseann tú difear soiléir idir *ú* agus *ua*?

tú	tua
cúl	cual
dú	dua
thús	thuas
túr	tuar

Cleachtadh 2

Chualamar roinnt samplaí de *ú* sa chomhrá idir Connor agus Sophie.

- Úna
- guthán
- ardú
- siúd
- cúlchaint

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *ú* a rá mar is ceart.

AIRE!

Déan iarracht gan *ú* a rá ar nós *oo* nó *ue* i bhfocail Bhéarla mar *food* agus *Sue*. Ba cheart go mbeadh cuma chiorcail ar do liopaí agus an fhuaim seo á déanamh agat.

Cleachtadh 3

Chualamar roinnt samplaí de *ua* sa chomhrá idir Connor agus Sophie.

- chuala
- suas
- cluas
- Luas
- nua
- fuath
- gruaim

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *ua* a rá mar is ceart.

AIRE!

Ná bíodh bearna fhada idir an *u* agus *a*. Ná habair *Lu-as*.

Fuaimeanna i bhfócas: *ia*

Tá défhoghar eile le cloisteáil sa chomhrá idir Connor agus Sophie. Tagann *i* agus *a* le chéile sa défhoghar *ia*.

- A Dhia
- pian
- ciall

Tá *ia* rud beag cosúil le *í*, ach ba cheart difear soiléir a bheith eatarthu. Is minic a bhíonn ciall an fhocail ag brath air sin.

Cleachtadh 4

Éist leis na samplaí seo a leanas. An gcloiseann tú difear soiléir idir *í* agus *ia*?

síor	siar
díon	dian
fíor	fiar
thír	thiar
cíor	ciar

Cleachtadh 5

Éist arís leis an gcomhrá idir Connor agus Sophie. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht na défhoghair *ua* agus *ia* a rá mar is ceart i ngach cás.

Fuaimeanna i bhfócas: gutaí agus consain

Gutaí is ea *a, e, i, o* agus *u*. Is féidir guta a bheith ***fada*** nó ***gairid***, mar shampla 'br***í***ste' nó 'br***i***ste', 'c***é***ad' nó 'c***e***ad'. Cuirtear ***síneadh fada*** ar ghutaí fada, de ghnáth.

Ní deacair na gutaí Gaeilge a rá ach is féidir go gcloisfidh sibh difríochtaí beaga idir cainteoirí ó áit go háit, go háirithe i gcás *á* agus *ó*.

- *Áit, tá, slán*. Sa chuid is mó den tír, bíonn *á* cosúil le *aw* i bhfocail Bhéarla mar *saw* nó *raw*. I gCúige Uladh, áfach, bíonn sé cosúil le *a* i bhfocail mar *far* nó *jar* ach é a bheith rud beag níos faide.
- *Bó, mór, ól*. Sa chuid is mó den tír, bíonn *ó* cosúil le *o* i bhfocail mar *blow* nó *show* sa Bhéarla. I gCúige Uladh, áfach, bíonn sé cosúil le *o* i bhfocail Bhéarla mar *lord* nó *born*.

Cleachtadh 6

Cloisfidh tú na focal sa liosta thíos á léamh amach. Déan iarracht an focal a chloiseann a scríobh isteach sa chéad cholún. An guta fada nó guta gairid atá ann, meas tú? An mbeadh ciall leis an bhfocal dá mbeadh guta fada/guta gairid ann? Tá an chéad sampla déanta cheana mar chabhair duit.

Focal	Fada	Gairid	Ciall eile?
1 *páiste*	✓		Bheadh ciall eile le 'paiste': *a patch*.
2			
3			
4			
5			
6			
7			
8			
9			
10			

Aonad 8

Comhrá

Tá Ailbhe in amhras faoina leathanach Facebook. Léigh an téacs ar dtús agus déan cinnte go dtuigeann tú na focail go léir. Éist leis an gcomhrá ar an taifeadadh ansin.

An saol poiblí

Connor: Ní raibh tú ar Facebook le tamall. Ar éirigh tú tuirseach de?

Ailbhe: Dhera, d'éirigh. Bíonn sé lán pictiúirí de dhaoine eile agus iad ar saoire thar sáile, fad is atá mise fágtha liom féin anseo i Scoil Cholm Cille.

Connor: A leithéid d'amaidí! Bhí tú féin ag cluiche peile thall i Sasana le déanaí. Agus nach raibh tú áit éigin eile ag an Nollaig?

Ailbhe: I nGaoth Dobhair a bhí mé. Is breá liom Dún na nGall, ach an bhfuil a fhios agat cá háit a raibh Lorcán Ó Baoill don athbhliain? Nua-Eabhrac, mura miste leat!

Connor: Agus tá tusa in éad leis! Shíl mé go raibh tuilleadh céille agat.

Fuaimeanna i bhfócas: *l* leathan

Ní bhíonn mórán fadhbanna ag daoine le *l* leathan i bhfocail mar *lá, mála, uasal*. Nuair a bhíonn *l* i dtús an fhocail, is minic a bhíonn fuaim níos láidre ann ná *l* 'lag' an Bhéarla. Go deimhin, tá sé cosúil le *l* dúbailte mar atá i bhfocail mar *thall, Nollaig,* agus *ciall*.

Áiseanna ar líne

Luamar www.focloir.ie cheana féin, is é sin an foclóir nua Béarla–Gaeilge atá ar fáil ar líne. Má scríobhann tú focal Béarla isteach sa bhosca cuardaigh, seans go bhfeicfidh tú comhartha beag in aice an fhocail Ghaeilge agus na litreacha C (Connacht), M (an Mhumhain) agus U (Uladh) ina dhiaidh.* Más mian leat an focal a chloisteáil i gceann ar bith de na trí chanúint sin, níl le déanamh ach cliceáil ar an litir.

* Níl an foclóir iomlán go fóill, agus tá roinnt focal ann nach bhfuil aon taifeadadh orthu ar líne fós.

Cleachtadh 1

Seo thíos roinnt focal a fhuaimnítear go mícheart, corruair.

- Bain féin triail as an bhfocal Gaeilge a rá ar dtús.
- Scríobh an focal Béarla isteach i mbosca cuardaigh www.focloir.ie.
- Cliceáil ar C nó M nó U (nó ar gach ceann acu) go gcloise tú an focal Gaeilge á rá. Éist leis chomh minic agus is mian leat.
- An bhfuil aon difríocht idir an chaoi a raibh an focal á rá agat féin agus an chaoi a ndeirtear ar www.focloir.ie é?

1. *full* / lán
2. *lie* / luigh
3. *lunch* / lón
4. *speed* / luas
5. *strong* / láidir

Fuaimeanna i bhfócas: *l* caol

Ní bhíonn mórán fadhbanna ag daoine le *l* caol i bhfocail mar *léigh, baile, suimiúil*. Nuair a bhíonn *l* i dtús an fhocail, is minic a bhíonn fuaim níos láidre ann ná *l* 'lag' an Bhéarla. Go deimhin, tá sé cosúil le *l* dúbailte mar atá i bhfocail mar *géill, céille,* agus *fill*.

Cleachtadh 2

Éist na samplaí thíos a léiríonn an difear idir fuaimeanna sa dá theanga.

Béarla	**Gaeilge**
lane	léan
lay	léigh
lean	líon
lame	Liam

Fuaimeanna i bhfócas: *l* caol singil agus dúbailte

Sa chomhrá idir Connor agus Ailbhe, chualamar roinnt samplaí de *l* caol ***singil***:

- thar sái***l***e
- cluiche pei***l***e
- ei***l***e

Agus roinnt samplaí de l caol ***dúbailte***:

- Colm Ci***ll***e
- tuilleadh céi***ll***e

Tá difear mór idir an dá fhuaim seo. I gcás *Colm Cille* agus *tuilleadh céille*, cloistear fuaim atá rud beag cosúil le *y* tar éis an *l*. Bíonn drochnós ag foghlaimeoirí an fhuaim sin a chur isteach san áit mhícheart:

- Chuaigh mé abhaile (Ná habair *abhail-yah*)
- Éide scoile (Ná habair *scoil-yah*)
- Daoine eile (Ná habairt *eil-yah*)
- Béile breá (*Ná habair béil-ya*)
- Féile (Ná habair *féil-ya*)

Cleachtadh 3

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *l* caol singil a rá mar is ceart.

Cleachtadh 4

Cloisfidh tú roinnt focal á léamh amach ar an taifeadadh. Tá *l* caol singil i gcuid acu agus *l* caol dúbailte i gcuid eile. Éist go cúramach go gcloisfidh tú cén focal atá á rá ag an gcainteoir. Cuir tic sa bhosca ceart. Tá an chéad sampla déanta cheana féin, mar chabhair duit.

***L* singil**		***L* dúbailte**	
1 buile	✓	buille	
2 sa tsáile		sa táille	
3 cuaile		cuaille	
4 bile		bille	
5 céile		céille	
6 tuile		toille	

Fuaimeanna i bhfócas: *n* & *ng*

Tá an méid atá ráite maidir le *l* fíor i gcás *n* chomh maith:

- Nuair a bhíonn *n* (caol nó leathan) i dtús an fhocail, bíonn an fhuaim níos láidre ná *n* 'lag' an Bhéarla.
- Ba cheart difear soiléir a bheith idir *n* singil agus *n* dúbailte i lár focail. Is minic a bhíonn ciall an fhocail ag brath air, m.sh. *dona/donna*.

Chualamar cúpla sampla de *ng* sa chomhrá idir Connor agus Ailbhe:

- ***I nG***aoth Dobhair
- Dún n***a nG***all

Is fuaim í seo atá an-choitianta sa Bhéarla, i dtús focail mar *anger* agus *angst* nó i ndeireadh focail mar *winning* agus *walking*. Go rómhinic, ní bhacann foghlaimeoirí Gaeilge le ***ng*** a rá. Deir siad rudaí mar 'Dún na Nall'. Ach níl sé ródheacair an rud ceart a rá. Más deacair duit ***ng*** a rá i dtús focail, bain triail as é a rolladh isteach san fhocal a thagann roimhe. *ing* agus *nang* a bheadh ann sa chás seo.

Cleachtadh 5

Éist arís leis an gcomhrá idir Connor agus Ailbhe. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht gach fuaim *l* agus *ng* a rá mar is ceart i ngach cás.

Aonad 9

Comhrá

Cloiseann Connor scéal nach dtaitníonn leis. Léigh an téacs ar dtús agus déan cinnte go dtuigeann tú na focail go léir. Éist leis an gcomhrá ar an taifeadadh ansin.

Staidéar agus scrúduithe

Connor: Sophie! Fan liom. Cén deifir atá ort ar aon chaoi? Scéal nua ar bith agat?

Sophie: Dheamhan scéil. D'fhan mé sa bhaile aréir, ag staidéar. Scéal ar bith agat féin?

Connor: Chuala mé rud a chuir imní orm. Seans nach bhfuil ann ach ráfla.

Sophie: Bhuel, abair amach é.

Connor: Tá an chuma air go mbeidh sean-Pheadar ag éirí as obair ag deireadh an téarma. An Máistir Ó Céileachair atá i gceist agam.

Sophie: Ó, ní raibh a fhios agam sin. Múinteoir breá. Ach tá sé tuillte go maith aige. Bhí sé ag teagasc anseo nuair a bhí m'athair ar scoil.

Connor: Tá go breá, ach céard faoi na scrúduithe? Ní bhfaighidh siad múinteoir staire chomh maith le sean-Pheadar.

Fuaimeanna i bhfócas: *r* caol

Athraíonn fuaim *r* de réir na ngutaí atá thart air. Ní bhíonn mórán deacrachtaí ag daoine le *r* nuair atá *a, o* nó *u* buailte leis, mar atá i bhfocail mar *leabhar, tor* agus *crannchur*. Is minic a dhéantar *r* caol den *r* leathan ag deireadh focail chun a thabhairt le fios go bhfuil an focal sin sa tuiseal ginideach nó san uimhir iolra. Féach, mar shampla:

An leabhar / údar an leabhair
An fear / na fir

Mar sin de, bíonn ciall an fhocail ag brath ar *r* caol a rá mar is ceart.

Cleachtadh 1

Cloisfidh tú roinnt focal á léamh amach ar an taifeadadh. Tá *r* leathan i gcuid acu agus *r* caol i gcuid eile. Éist go cúramach go gcloisfidh tú cén focal atá á rá ag an gcainteoir. Cuir tic sa bhosca ceart. Tá an chéad sampla déanta cheana féin, mar chabhair duit.

R leathan		R caol	
1 abar	✓	abair	
2 casúr		casúir	
3 ciallmhara		ciallmhaire	
4 cur		cuir	
5 a fheara		a Aire	
6 páipéar		páipéir	
7 mura		Muire	
8 piléar		piléir	
9 pictiúr		pictiúir	
10 clár		cláir	

Mar a dhéantar an fhuaim



Bíodh barr do theanga beagnach buailte leis an ailbheolas (an droim beag crua os cionn na bhfiacla uachtaracha). Abair *r* díreach mar a dhéanfá de ghnáth ach tabhair buille beag gairid le barr do theanga i gcoinne an ailbheolais. Déantar siosarnach atá rud beag cosúil le *z* nó *th* sa Bhéarla.

Cleachtadh 2

Chualamar a lán samplaí de *r* caol sa chomhrá idir Connor agus Sophie:

- deifir
- aréir
- abair
- air
- obair

- deireadh
- Ó Céileachair
- múinteoir
- athair
- staire

Cloisfidh tú na focail sa liosta thuas á rá ar an taifeadadh. Cloisfidh tú gach focal uair amháin ar dtús. Tá spás ansin sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun an focal a rá os ard. Cloisfidh tú an focal á rá arís ansin. Éist le gach sampla agus déan iarracht an fhuaim *r* caol a rá mar is ceart.

Fuaimeanna i bhfócas: *r* i dtús focail

Níl mórán difir idir r caol agus r leathan nuair is i dtús an fhocail atá siad, mar shampla *rang, rópa, rua, réalta, rith.* Nuair a bhíonn *r* i dtús focail, bíonn fuaim níos láidre ann ná *r* 'lag' an Bhéarla. Maireann an fhuaim rud beag níos faide ná *r* an Bhéarla agus bíonn crith nó *trill* beag ann.

Tá an fhuaim seo an-tábhachtach ar fad sa Spáinnis, sa Fhraincis agus i dteangacha eile. Níl sé coitianta sa Bhéarla agus, dá bharr sin, síleann roinnt foghlaimeoirí Gaeilge gur fuaim thar a bheith deacair í. Tuigfidh daoine thú fiú má deir tú *r* ar nós an Bhéarla, ach níl an fhuaim Ghaeilge chomh deacair agus a cheapann daoine.

- Bíonn barr na teanga beagnach buailte leis an ailbheolas, an droim beag crua sin atá suite os cionn na bhfiacla uachtaracha.
- Nuair a deirtear *r*, cruthaítear sruth aeir a chuireann an teanga ar crith.

Tá a lán físeán ar YouTube a thaispeánann conas an fhuaim a dhéanamh sa Spáinnis agus i dteangacha eile.

Cleachtadh 3

Éist arís leis an gcomhrá idir Connor agus Sophie. Tá spás beag idir na habairtí an t-am seo, sa chaoi is go mbeidh go leor ama agat féin chun gach abairt a léamh amach os ard. Cloisfidh tú gach abairt á rá arís ansin. Déan iarracht an fhuaim *r* caol a rá mar is ceart i ngach cás.

Aonad 10

Cleachtadh a haon

Cloisfidh tú comhrá idir Ailbhe agus Sophie go luath. Níl an comhrá scríofa amach an t-am seo, áfach. Beidh ort féin é sin a dhéanamh.

- Cloisfidh tú an comhrá ar gnáthluas ar dtús.
- Seinnfidh an múinteoir an comhrá arís. An t-am seo, beidh sé rud beag níos moille agus beidh spás idir na habairtí.
- Scríobh síos an comhrá. Mura dtuigeann tú ceann ar bith de na focail, déan iarracht é a litriú ar aon nós.

Cleachtadh 2

Agus iad ag caint le chéile, d'úsáid Sophie agus Ailbhe cuid de na focail chéanna:

- cinneadh
- Corcaigh
- maith
- gnó
- Acadamh

Ar thug tú aon difríocht faoi deara sa tslí a ndúirt siad na focail sin? Cad iad na difríochtaí a bhí ann nó an raibh samplaí ar bith eile sa chomhrá?

- Éist leis an gcomhrá arís, más gá.
- Scríobh síos roinnt nótaí.
- Pléifidh an múinteoir na samplaí libh.

Cleachtadh 3

Ní hionann an dearcadh a bhíonn ag daoine faoi chanúintí na Gaeilge, má smaoiníonn siad uirthi in aon chor. Tabharfaidh an ceistneoir seo thíos deis duit smaoineamh ar an scéal.

- Léigh an ceistneoir ar dtús.
- Má tá focal ar bith ann nach dtuigeann tú, iarr ar an múinteoir é a mhíniú.
- Tá 5 ráiteas ann a bhaineann le cúrsaí canúna. Caithfidh tusa cinneadh a dhéanamh cé acu a aontaíonn nó nach aontaíonn tú le gach ráiteas acu.
- Líon an ceistneoir i d'aonar ar dtús.
- Nuair atá tú réidh leis an gceistneoir, pléigh do chuid freagraí le duine eile sa rang. An raibh sibh ar aon aigne? An féidir leis an duine eile cabhrú leat samplaí a fháil nó an raibh samplaí difriúla aigesean/aicise?
- Pléifidh an múinteoir na ceisteanna agus na samplaí leis an rang go léir.

Na canúintí Gaeilge

1. Fadhb is ea na canúintí – déanann siad an Ghaeilge níos deacra.

Aontaím ◻ Ní aontaím ◻

2. Ní chuireann na canúintí isteach ná amach orm – tuigim daoine as gach áit sa tír.

Aontaím ◻ Ní aontaím ◻

3. Tá canúint amháin is fearr liom ná na cinn eile.

Aontaím ◻ Ní aontaím ◻

Má tá an ráiteas seo fíor i do chás féin, mínigh cén chanúint atá ann agus cén fáth a dtaitníonn sí leat.

_____

_____

4. Cuid de shaibhreas na Gaeilge is ea na canúintí éagsúla.

Aontaím ◻ Ní aontaím ◻

5. Tá canúintí i ngach teanga.

Aontaím ◻ Ní aontaím ◻

Má aontaíonn tú leis an ráiteas sin, tabhair sampla nó dhó de chanúintí i dteangacha eile.

_____

_____

Gluais

Aiceann	Stress, i.e. the emphasis placed on certain syllables in a word, e.g. cail**ín**.
An t-ailbheolas	Alveolus, i.e. a ridge on the inside of the mouth above the upper teeth.
Aonsiollach	Monosyllabic, i.e. only having one syllable, e.g. *mór, glan, rith*.
Canúint	Dialect, i.e. the form of a language spoken in a particular area or among a particular group of people.
An carball	The hard palate, i.e. the hard part at the front and middle of the roof of the mouth.
An coguas	The soft palate, i.e. the soft part at the back of the roof of the mouth.
Consan	Consonant, m.sh. *b, c, d*
Consan caol	Slender consonant, i.e. one followed by *e* or *i*, m.sh. *beo, ciall.*
Consan leathan	Broad consonant, i.e. one followed by *a, o* or *u*, m.sh. *bord, carr, dall.*
Défhoghar	Diphthong, i.e. two vowels that come together in one syllable, e.g. *i* and *a* in words like *siar, ciall, fial*.
Grúpa consan	Consonant group, i.e. a number of consonants linked together because they are made using the same combination of speech organs, m.sh. *d, n,* & *t* which are all produced by contact between the tip of the tongue and the back of the teeth.
Guta	Ceann ar bith de na litreacha *a, e, i, o, u.*
Guta cúnta	Epenthetic vowel, i.e. an extra, unwritten vowel that occurs between certain combinations of letters, e.g. *gorm* (*goram*).

Ilsiollach	Polysyllabic, i.e. having more than one syllable, e.g., *othar, otharlann, otharlanna*.
Litir bhalbh	A silent letter. Think of the *f* in words like *Cuirfidh* or *d* in *codladh*.
Siolla	Syllable.
Sleamhnóg	A glide, i.e. a letter inserted to show how another letter in the word is pronounced but which is not actually heard. The letter *i* in *anois* is there to tell us that the final *s* is slender (*ah-nish*) rather than broad (*ah-niss*).
Téada an ghutha	The vocal chords.
Treise	Emphasis.